Rialachán
um Sheirbhísí Leanaí

Seirbhísí Luathbhlianta: Seicliosta Féinmheasúnaithe

TUSLA
An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Seirbhísí Luathbhlianta: Seicliosta Féinmheasúnaithe

D'fhorbair Cigireacht Luathbhlianta Tusla an seicliosta féinmheasúnaithe seo chun treoir phraiticiúil a sholáthar do sholáthraithe cláraithe maidir le conas ullmhú le haghaidh a gcuid seirbhísí a athoscailt agus conas leanaí a choinneáil slán. Ba cheart an doiciméad 'Treoir do Sheirbhísí Luathbhlianta COVID-19' a úsáid i dteannta leis an seicliosta seo.

Sula n-osclaítear arís iad, ní mór do sholáthraithe cláraithe bearta rialaithe ionfhabhtaithe a athbhreithniú agus a fheabhsú. Ceanglaítear le Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 go bhfuil beartas rialaithe ionfhabhtaithe agus beartas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag soláthraí cláraithe. Cuireann Rialachán 23 freagracht ar an soláthraí cláraithe leanaí atá faoina gcúram a chosaint agus timpeallacht shábháilte a sholáthar.

Féachann an seicliosta féinmheasúnaithe seo le comhlíonadh a éascú laistigh de na rialacháin agus de riachtanais COVID-19 agus leanaí agus baill foirne a chosaint ag an tráth seo. Tá an seicliosta roinnte ina dhá chuid:

- Mír 1: Sula n-osclófar seirbhís arís
- Mír 2: Cleachtas nuair a athosclófar seirbhís

Tosóidh cigireachtaí rialála nuair a athosclófar seirbhísí i gCéim 3. Le linn cigireachtaí, déanfaidh Tusla measúnú ar:

1. na nósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm chun leathadh COVID-19 a chosc ar aon dul leis an seicliosta féinmheasúnaithe
2. neamhchomhlíontaí nár dúnadh roimhe seo agus
3. cúram agus folláine fhoriomlán leanaí

For additional and continuously updated information, please see the HPSC guidance: Infection Prevention and Control guidance for settings providing childcare during the COVID-19 Pandemic(www.hpsc.ie).

Mír 1: Sula n-athosclófar seirbhís

Sula n-athosclófar an tSeirbhís Luathbhlianta , ní mór don soláthraí cláraithe a chinntiú go bhfuil na bearta seo a leanas curtha i bhfeidhm.

Ainm na seirbhíse: _____

Dáta a raibh Féinmheasúnaithe Réamh-Oscailte Críochnaithe: _____

Féinmheasúnú/Mheasúnuithe Déanta ag_____

Beartais	Staid	Nótaí
Nuashonraíodh an beartas maidir le rialú ionfhabhtaithe chun bearta rialaithe ionfhabhtaithe do COVID-19 a áireamh agus cuimsíonn sé sceideal glantacháin feabhsaithe.		
Rinneadh an sceideal glantacháin a athbhreithniú		

Tá beartas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shainaithníonn aon rioscaí féideartha agus na rialuithe a theastaíonn chun an riosca a laghdú nó a chosc. Rinneadh athbhreithniú ar an mbeartas i bhfianaise na paindéime COVID-19.		
Tá plean teagmhais i bhfeidhm a thugann achoimre ar na bearta atá le déanamh má tá COVID-19 ag leanbh / ball foirne nó má tá amhras ann go bhfuil		
Rinneadh athbhreithniú ar uainchláir foirne chun a chinntiú go bhfuil na cóimheasa foirne-linbh ag teacht leis na riachtanais rialála. Tá machnamh déanta ar na huainchláir foirne chun gluaiseacht na foirne idir seomraí a íoslaghdú agus amanna sosa a chéimniú.		

Faisnéis agus Oiliúint Foirne	Staid	Nótaí ú
Tá faisnéis agus oiliúint faighte ag an bhfoireann chun COVID-19 a bhainistiú, lena n-áirítear: • Beartais na seirbhíse, lena n-áirítear beartas rialaithe ionfhabhtaithe, beartas bainistíochta riosca, plean teagmhais • Treoir maidir le neamhfhreastal má tá siomptóim ag leanbh, i gcás dlúth-theagmhála, nó i gcásanna taistil thar lear de réir comhairle sláinte poiblí • Oiliúint ar nósanna imeachta cearta um níochán lámh • Nósanna imeachta athbhreithnithe maidir le fágáil agus bailiú • Nósanna imeachta athbhreithnithe chun timpeallacht súgartha a chruthú • Nósanna imeachta athbhreithnithe maidir le glantachán • Prótacal um fhilleadh ar obair an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta Coinnítear taifead ar gach oiliúint a chuirtear ar fáil do bhaill foirne.		
Rinneadh teagmháil le gach ball foirne chun a fháil amach an raibh siad i dteagmháil le cás amhrasta/dearbhaithe nó an bhfuil comharthaí orthu féin.		

Cumarsáid le tuismitheoirí / caomhnóirí agus cuairteoirí eile ar an tseirbhís	Staiod	Nótaí

Tá bealaí forbartha chun cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí faoi athruithe ar bheartais agus ar chleachtais .		

Fuair tuismitheoirí faisnéis faoi: • Bheartais athbhreithnithe na seirbhíse lena n-áirítear beartas rialaithe ionfhabhtaithe, • Nósanna imeachta chun leanaí a fhágáil ag agus a bhailiú ón tseirbhís • Treoir maidir le neamhfhreastal má tá siomptóim ag leanbh, i gcás dlúth-theagmhála, nó i gcásanna taistil thar lear de réir comhairle sláinte poiblí		
•Gníomhartha ata le déanamh i gcás go léiríonn leanbh nó ball foirne comharthaí COVID-19 •Foirmeacha clárúcháin leanaí a nuashonrú (más ábhartha)		
Tá nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm maidir le seachadtaí seachtracha nó le conraitheoirí glantacháin ar an tseirbhís.		

Timpeallacht Fhisiciúil - Foirgneamh	Staid	Nótaí
Glanadh an t-áitreabh go críochnúil, laistigh agus lasmuigh, sular athosclaíodh an tseirbhís, lena n-áirítear na bréagáin agus an trealamh go léir.		
Rinneadh athbhreithniú ar riachtanais spáis de réir na riachtanas rialála reatha.		
Tá fógraí faisnéise curtha ar fáil ag gach bealach isteach chuig an tseirbhís ag rá nach féidir le leanaí agus baill foirne a bheith i láthair: • ma tá comharthaí COVID-19 acu • Má thaistil siad lasmuigh den tír le 14 lá anuas nó bhí siad i dteagmháil le duine a fuair diagnóis le COVID-19		
Tá comharthaíocht atá oiriúnach do leanaí ar taispeáint, lena n-áirítear: • Marcóirí achair fhisiciúil i spásanna pobail agus ag pointí fágála agus bailiúcháin • Ceanglais chun bailiú le chéile i ngrúpaí ag bealach isteach na seirbhíse a sheachaint. • Ceanglais maidir le fad sóisialta - 2 mhéadar		
Tá gléis taifeadta teochta ar fáil (mar is gnách) sa tseirbhís chun teochtaí leanaí a thaifeadadh, de réir mar is gá		
Tá soláthar leordhóthanach d'ábhair ghlantacháin agus trealaimh ar fáil i ngach seomra den tseirbhís. Tá stóras sábháilte ar fáil d'ábhair ghlantacháin agus do threalamh.		

Déantar monatóireacht ar na hábhair ghlantacháin agus ar an trealamh monatóireacht agus athlíontar iad nuair is gá.		
Tá soláthar díghalráin láimhe (> 70% alcól) curtha ar fáil ag: • bealach isteach na seirbhíse / an fhoirgnimh agus • seomraí cúraim agus seomraí coimhdeacha		
Tá soláthar uisce te (<43°C), gallúnach leachtach agus tuáillí páipéir ar fáil. Tá Comharthaíocht a oireann don aois maidir le teicnící níocháin lámh ar taispeáint. Tá fógraí maidir le húsáid cheart díghalráin láimhe suite in aice le gach dáileoir.		
Ní mór do bhaill foirne TCP cuí a chaitheamh (i.e. lámhainní agus naprúin) le haghaidh cleachtas glantacháin agus athraithe clúidíní. Tá soláthar beag maisc máinliachta ar fáil d'aon duine a thagann comharthaí COVID-19 air/uirthi nó má roghnaíonn ball foirne ceann a úsáid agus é/í ag tabhairt aire do leanbh tinn. Déantar monatóireacht ar stoic TCP agus athlíontar iad nuair is gá.		
Tá áiseanna aitheanta chun freastal ar bhall foirne nó leanbh atá ag léiriú comharthaí COVID-19. D'fhéadfadh: Seomra ar leithligh dea-aeráilte, nó Limistéar atá 2m l ó dhaoine eile a bheith i gceist.		

Tá machnamh déanta ar leagan amach na seomraí cúraim lena chinntiú go gcoinnítear leanaí i ngrúpaí beaga comhsheasmhacha (meithleacha súgartha) agus nach meascann siad le grúpaí eile.		

Tá machnamh déanta ar na bréagáin/trealamh súgartha agus na hábhair is oiriúnaí le húsáid go laistigh agus lasmuigh den tseirbhís.		
Tá bréagáin i ndea-chaoi, agus tá siad éasca le glanadh agus le díghalrú.		
Rinneadh athbhreithniú ar leagan amach an limistéir lasmuigh, agus tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú: • Go bhfuil leanaí ó fhaighneoga súgartha éagsúla scartha óna chéile, a mhéid is féidir • Go bhfuil bréagáin agus trealamh glanta agus díghalraithe roimh úsáid gach grúpa leanaí agus ina diaidh		

Mír 2: Cleachtas nuair a athosclófar seirbhís

Nuair a athosclófar an tSeirbhís Luathbhlianta, ní mór don soláthraí cláraithe a chinntiú go bhfuil na bearta seo a leanas á gcur i gcrích.

Dáta(í) Féinmheasúnú Críochnaithe tar éis na hathoscailte_____

Féinmheasúnú/Mheasúnuithe Déanta ag_____

Taifid Tinrimh	Staid	Nótaí
Ní mór taifid iomlána agus chruinne tinrimh a choinneáil do gach leanbh agus duine fásta agus, nuair nach féidir iad a sheachaint, aon chuairteoirí ar an tseirbhís. Cuimsíonn taifid tinrimh sonraí na foirne agus na leanaí i ngach meitheal shúgartha.		

Sláinteachas Lámh	Staid	Nótaí
Cuirtear áiseanna níocháin lámh ar fáil le soláthar uisce te (<43°C), gallúnach leachtach agus tuáillí páipéir. Tá soláthar díghalráin láimhe ar fáil go héasca ar fud na seirbhíse.		

Tá boscaí bruscair troitheánacha chun tuáillí páipéir a dhiúscairt ar fáil ag gach báisín níocháin agus ar fud na seirbhíse.		

Is féidir díghalrán láimhe a úsáid mar mhalairt ar níochán lámh i gcás nach bhfuil áiseanna níochán lámh ar fáil go héasca (e.g., lasmuigh).		
Níonn an fhoireann agus na leanaí a lámha go rialta i rith an lae. Tugtar cúnamh do leanaí agus spreagtar iad a lámha a ní go minic.		

Sláinteachas Pearsanta / Béasaíocht Riospráide	Staid	Nótaí
Múintear leanaí agus déantar maoirseacht orthu sna teicnící cearta níocháin agus triomú lámh (aois-oiriúnach).		
Leantar cleachtais shábháilte maidir le casacht, sraothartach agus cuimilt srón. Déantar ciarsúir a dhiúscairt go pras i mbosca bruscair tar éis iad a úsáid. Déantar lámha a nigh nó a dhíghalrú díreach ina dhiaidh sin. Tá soláthar ciarsúr ar fáil go héasca i ngach seomra cúraim.		
Tá díghalrán láimhe ar fáil agus úsáideann an fhoireann é gach uair a théann siad isteach agus a fhágann siad seomra.		
Déantar maoirseacht ar leanaí i gcónaí agus iad ag úsáid sláintíocht láimhe.		
Tá malairt éadaí ar fáil don fhoireann ar fad sa tseirbhís más gá di.		
Tá soláthar leordhóthanach éadaí glana ar fáil do gach leanbh sa tseirbhís.		

Cás amhrasta COVID-19	Staid	Nótaí
Cuirtear an plean teagmhais seirbhíse i bhfeidhm má tá amhras ann go bhfuil comharthaí COVID-19 nó aon tinneas tógálach eile i gceist. (Féach treoir HPSC). Tá teirmiméadar neamhtheagmhála infridhearg ar fáil. (Mura n-úsáidtear teirmiméadar infridhearg, ní mór teirmiméadar a bhfuil clúdaigh		

chosanta úsáide aonair a úsáid).		

Fad Sóisialta 2m a choinneáil (nuair is féidir)	Staid	Nótaí
Coinnítear fadú sóisialta idir daoine fásta (baill foirne agus tuismitheoirí/caomhnóirí) nuair is féidir • Seachnaítear scuainí agus bailiú le chéile ag amanna teachta agus bailithe. • Tá marcóirí faid i bhfeidhm i limistéir chomhchoiteanna agus pointí fágála agus bailithe. • Tugtar leanaí díreach chuig a seomra cúraim ar leith ar theacht dóibh.		
Chun oibriú córais Meithleacha súgartha a éascú, tá an fhoireann eolach ar riachtanais an fhadaithe shóisialta, lena n-áirítear: • Athbhreithniú a dhéanamh ar leagan amach an tseomra • Athbhreithniú a dhéanamh ar bhréagáin/trealamh atá in úsáid gach lá • Athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí atá á ndéanamh le leanaí • Measc adh na meithleacha súgartha/ngrúpaí leanaí a sheachaint • Úsáid limistéar comhroinnte a sheachaint • Athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta maidir le hamanna béilí		

Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil sosanna foirne sceidealta chun cóimheasa foireann leordhóthanach a chinntiú agus chun cruinnithe foirne a shrianadh.		
Tá gluaiseacht na foirne agus na leanaí idir seomraí srianta chun scaipeadh an ionfhabhtaithe a rialú.		

Glanadh Timpeallachta	Staid	Nótaí
Tá sceideal glantacháin ar fáil agus á chur i bhfeidhm i gceart i ngach cuid den tseirbhís, lena n-áirítear an limistéar lasmuigh.		
Tá soláthar ábhar glantacháin ar fáil go héasca agus stóráilte go sábháilte i ngach seomra sa tseirbhís.		
Tá soláthar de threalamh glantacháin ar fáil agus nuair is féidir tá sé suite i ngach seomra cúraim. Stóráiltear trealamh glantacháin go cuí agus go sábháilte nuair nach bhfuil sé in úsáid. Déantar monatóireacht ar sholáthairtí glantacháin agus athlíontar iad nuair is gá.		
Soláthar TCP (i.e. lámhainní agus naprúin) ar fáil agus in úsáid le haghaidh dualgas glantacháin.		
Glantar dromchlaí ardteagmhála ar nós táblaí, cuntair, hanlaí doirse agus cófraí, lasca, sconnaí, hanlaí sruthlaithe, cúil chathaoireacha agus ráillí láimhe go minic le linn na n-uaireanta oibriúcháin.		
Stóráiltear línéadach glan i limistéar sainithe glan.		
Stóráiltear línéadach salach go sábháilte chun traséilliú a sheachaint go dtí go nitear é. Nitear an t-ábhar go léir ag an teocht is airde agus is féidir ag brath ar an éadach		

Bainistíocht Dramhaíola	Staid	Nótaí
Tá boscaí bruscair troitheánacha ar fáil i ngach seomra agus tá siad inrochtana ag baill foirne agus leanaí agus fholmhaítear go rialta iad. Nigh an fhoireann a lámha i ndiaidh an taisc seo.		
Déantar na boscaí bruscair go léir a ghlanadh agus a dhíghalrú go rialta, go háirithe hanlaí agus claibíní.		
Tá pleananna teagmhas i bhfeidhm nuair a tharlaíonn cás amhrasta nó dearbhaithe de COVID-19 sa tseirbhís. • Tá soláthar málaí bruscair ar fáil chun dramhaíl éillithe a chur i mála agus í a dhiúscairt • Tá limistéar ainmnithe ar fáil chun dramhaíl COVID-19 éillithe a stóráil ar feadh 3 lá agus is féidir é a chur sa ghnáthdhramhaíl ina dhiaidh sin		

Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP)	Staid	Nótaí
Tá soláthar TCP (i.e. lámhainní agus maisc) ar fáil má tharlaíonn cás amhrasta nó nuair a éilíonn foireann na seirbhíse é. Tá TCP inrochtana agus stóráilte go sábháilte.		

Aeráil	Staid	Nótaí
Déantar aeráil leordhóthanach ar gach seomra sa tseirbhís trí • Fhuinneoga a oscailt go rialta i rith an lae • Chóras aerála meicniúil atá ag feidhmiú i gceart		

Bréagáin agus Ábhair Súgartha / Gníomhaíochtaí	Staid	Nótaí
Tá na bréagáin atá ar fáil le húsáid éasca a ghlanadh agus a dhíghalrú. Má úsáidtear é, caithfear taos súgartha a athrú go laethúil, agus nitear bréagáin bhog go rialta. Tá bréagáin faoi leith ag gach meitheal shúgartha. Tá na bréagáin go léir i gcaoi mhaith.		

Déantar bréagáin a chuireann leanaí ina mbéal a ní tar éis iad a úsáid nó sula n-úsáidtear iad. Ní roinntear bréagáin béil idir leanaí.		
Tá nós imeachta i bhfeidhm chun gobáin súraic a ghlanadh, a steiriliú agus a stóráil go sábháilte.		
Tá gobáin, buidéil, cupáin súimín srl faoi leith ar fáil do leanaí chun roinnt agus scaipeadh ionfhabhtuithe a sheachaint Tá ainm an linbh ábhartha ar gach rud.		
Déantar athbhreithniú laethúil ar na bréagáin agus ar an trealamh laistigh de gach seomra cúraim lena chinntiú go bhfuil soláthar leordhóthanach ann do líon na leanaí atá i láthair agus do na gníomhaíochtaí atá phleanáilte.		

Limistéar Lasmuigh & Gníomhaíochtaí	Staid	Nótaí
Tá úsáid an limistéir lasmuigh ag níos mó ná fhaighneog shúgartha/grúpa amháin leanaí éasca le láimhseáil.		
Déantar measúnú riosca nuair atá sé beartaithe ag seirbhísí dul ar thurais.		
Glantar trealamh súgartha seasta sa limistéar lasmuigh tar éis do gach fhaighneog shúgartha/grúpa an limistéar a úsáid.		

Soláthar Bia	Staid	Nótaí
Má tá seomraí bia ar fáil, seachnaítear meascadh grúpaí éagsúla leanaí. Déantar glanadh críochnúil roimh a úsáideann gach grúpa na seomraí agus ina dhiaidh. Tugtar sneaiceanna agus béilí chuig na seomraí cúraim aonair agus is iad na baill foirne atá leithdháilte ar an seomra sin a dháileann an bia, nuair is féidir. Sa chás go bhfaightear bia ó lónadóir seachtrach tá rochtain ar an tseirbhís srianta.		

Codladh/Scíth	Staid	Nótaí
Socraítear cliabháin chodlata leagtha amach ionas go mbeidh achar fisiceach idir grúpaí cliabhán do leanaí ó fhaighneoga éagsúla.		
Nuair a leithdháiltear trealamh codlata ar leanbh aonair; • Bíonn cliabháin, mataí codlata agus leapacha lae lipéadaithe le hainm an linbh a úsáideann é • Úsáidtear línéadach leapa atá le húsáid don linbh aonair amháin		
Sa chás go roinntear trealamh codlata, tugtar faoi chleachtais dhian rialaithe ionfhabhtaithe; • Glantar agus díghalraítear fráma an chliabháin, • Glantar an tocht, • Athraítear an línéadaigh leapa, • Lipéadaítear an trealamh codlata le hainmneacha na leanaí a úsáideann é • Coinnítear taifead gach uair a athraítear an línéadach leapa		
Glantar mataí codlata agus leapacha lae roimh gach úsáid agus ina diaidh.		
Tá soláthar leordhóthanach de línéadach leapa glan ar fáil agus é stóráilte chun tras-ionfhabhtú a chosc.		
Déantar línéadach salach a bhaint agus a ní go sábháilte. Nitear an línéadach go léir ag an teocht is airde agus is féidir ag brath ar an éadach.		

Tá áiseanna oiriúnacha ar fáil chun leapacha lae agus mataí codlata a stóráil nuair nach bhfuil siad á n-úsáid.		
Tá an troscán agus an trealamh a úsáidtear sa limistéar teolaí/ciúin chun scíth a ligean glan.		